# Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach
Sráid an Choláiste, Ceatharlach (059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

## Bernard Dunne bródúil as a chuid Ghaeilge

Tá sprioc uaillmhianach ag an seampaín dornálaíochta Bernard Dunne agus ag an mbród club úr atá bunaithe aige. Tá i gceist aige 10,000 duine a mhealladh ar ais i dtreo na teanga, ina measc siúd beidh Kevin Myers, Ray Foley, Tom Dunne agus craoltóirí eile a raibh amhrasach go leor go dtí seo faoi luach na teanga.

Níl aon amhras ach go bhfuil dúshlán mór roimh an dornálaí ach deir sé go bhfuil cúis láidir aige go bhfuil sé ag seasamh leis an bhfeachtas. "Táim an-bhródúil ar fad as bheith i mo Ghael agus tá sé ríthábhachtach dom an dúthracht seo atá agam don Ghaeilge a thabhairt do mo pháistí" a deir sé.



**Bernard Dunne bródúil as an nGaeilge**

Sceitheadh an scéal mar gheall ar an gclár úr teilifíse, 'Bernard Dunne's Bród Club' ar The Saturday night show, tar éis feachtas rúnda fógraíochta. Scaipeadh scéalta ar na meáin agus sna meáin úra faoin bhfeachtas www.tryagain2012.com agus thug Dunne le fios ar an seó cainte go raibh tús curtha lena fheachtas pearsanta, Bernard Dunne's Bród Club.

Craoladh an chéad chlár sa tsraith ar RTÉ Dé Luain, 5 Márta, agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí Dé Luain, 9 Aibreán. Tá an clár léirithe ag Independent Pictures agus fuair siad tacaíocht láidir ón BAI agus ó Fhoras na Gaeilge. Thug foireann an chláir cuairt ar Cheatharlach cúpla seachtain ó shin agud deineadh roinnt taifead ar mhuintir an phobail a thaispeánfar sa tsraith. Ar chuid den fheachtas roghnaítear ambasadóir aitiúil chun an pobal áitiúil a spreagadh i dtreo na Gaeilge agus is é Bernard Jennings, an radharceolaí aitheanta, a roghnaíodh i gCeatharlach. Lean an lucht scannánaíochta Bernard go teach Reddys agus deineadh é a taifeadadh agus é ag ordú a lóin ann le cabhair ón bhfreastalaí, Mícheál Mac Eochaidh. Beidh le feiceáil an bhfuair sé a raibh uaidh!

Thar thréimhse na sraithe, rachaidh Dunne ar chamchuairt na tíre agus é ag spreagadh daoine chun triail a bhaint as an nGaeilge a labhairt arís. Bainfear leas as na meáin úra san fheachtas le go mbeidh cainteoirí in ann teagmháil a dhéanamh lena chéile. Cothóidh Dunne blag ina mbeidh cur síos ar na hiarrachtaí atá ar bun aige agus beidh feachtas láidir ar Facebook agus ar Twitter chomh maith. Iarrfar ar rannpháirithe clárú le suíomh gréasáin RTÉ chomh maith ar rte.ie/brodclub .Cheana féin tá lucht na Gaeilge ar líne chomh maith le daoine ar bheagán Gaeilge tar éis suim a léiriú san fheachtas. Beidh le feiceáil conas mar a éireoidh leis an gclub ach is cinnte go bhfuil suim ag an pobal cheana féin.

Glac leis an dúbhshlán agus seans go mbeidh i bhfad níos mó ná an dá Bernard ag maíomh… "Is Féidir Linn!"



**Bernard Jennings faoi agallamh don chlár nua ar RTÉ**

## Aisteoirí an Lóchrainn

Bunaiodh Aisteoirí an Lóchrainn, compántas drámaíochta amaitéarach, i gCeatharlach sa bhliain 1993 chun drámaí a léiriú trí Ghaeilge, rud a rinneadar go rathúil ar feadh breis is deich mbliana ach ar chúis amháin agus cúis eile d'imigh an compántas i léigh sa bhliain 2003. Athbhunaíodh an grúpa anuraidh agus chuireadar an dráma "Dúirt Bean Liom" le Lady Gregory ar an stáitse. Táid i mbun cleachtaidh arís i láthair na huaire agus an dráma "Bidín" leis an Athar Pádraig Ó Standún idir lámha acu.

Le meascán d'iarbhaill an ghrúpa agus daoine a bheidh ar an stáitse dá gcéad uair ina saoil, tá Aisteoirí an Lóchrainn ag dul ó neart go neart. 'Sé Con Ó Cróinín an léiritheoir agus cuirfear an dráma Bidín ar siúl oíche amháin in amharclann G.B. Shaw, Ceatharlach ar an Satharn, 10 Márta ag 8.00i.n. Cead isteach €7. Beidh an moltóir Síle Nic Conaonaigh i láthair chun moltaí a roinnt leis na haisteoirí agus chun cúpla gradam a bhronnadh b'fhéidir. Iarrtar ar éinne gur spéis leo an Ghaeilge nó an drámaíocht ticéad a cheannach agus dul ann. Níos déanaí sa bhliain tabharfaidh an grúpa Bidín ar an mbóthar nuair a léireofar an dráma sa Feothanach, Corcha Dhuibhne. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch a chur ar 087 2857048 nó 087 2394611.



**Con Ó Cróinín an léiritheoir**



**Aisteoirí an Lóchrainn ag cleachtadh an dráma "Bidín".**

## Coolkenno girls in Leinster final

GOOD luck to the Tullow Community School ladies' football team, many of whom hail from the Coolkenno area. The girls will contest the Leinster final tomorrow (Wednesday 7 March) in Mountmellick. A big thank you to Ger O'Shea, who trained the girls and Ms Murphy, who manages them. Squad members are: Shauna Bermingham, Maria Byrne, Ashling Carroll, Jo Doyle, Shauba Finlan, Lizzie Fleming, Amy Bermingham, Meabh Donahoe, Sandra Paszkierwir, Hayley O'Shea, Mary Flood, Rachel Donahoe, Eva Murphy, Anna Nolan, Louise Carroll, Katie Brennan, Ellen Kennedy, Jazmine Murphy, Graine Murphy, Roisin Cullen, Coco Doouge, Catlin Doyle and Becky Kelly.

### Ballyconnell/Coolkenno

CONTACT: TRISH MURPHY TEL: 086 3136270
EMAIL: HSIRT_@HOTMAIL.COM



**STORYTELLERS**
Carlow Storytellers' theatre will hold their monthly lunchtime show in the George Bernard Shaw Theatre on Thursday 8 March at 1pm, featuring lots of local talent, includingJohn Hickey, Tony Dooley and Margaret McKenna. Tickets are available from the box office. The €7 fee includes tea or coffee.

**MOTORSPORT**
Carlow Autograss will launch its 2012 season with a special day of racing and family-based events in Knocknatubrid on Mother's Day, 18 March. Children can have fun on the bouncy castles and have their faces painted.

**TALK IT OVER**
The Talk it Over annual meeting will take place in the parish centre, Graiguecullen on Wednesday 7 March at 8pm. If you need to talk to a trained listener, call 086 3364961 to make an appointment.

**MAD FOR MODELS**
Mad for models show and sale will be held in the Dolmen Hotel, Carlow on Saturday and Sunday, 10-11 March from noon to 6pm daily. Admission is €5 and all funds go to Talk it Over.

**STRESS MANAGEMENT**
A series of four stress management sessions will take place at the Mill House Counselling Centre, starting on Thursday 8 March from 7.30pm to 9pm. For details, call Mike on 053 9376429 or 086 7309213.

**BINGO**
Bingo takes place every Sunday evening in Ballyconnell Hall at 8pm. The jackpot is now worth €800.

**ADORATION**
Adoration is held in Kilquiggan every Monday between 10am and 5pm and in Ballyconnell every Wednesday between 10am and 4pm.